



RIACHTANAIS BREISE CHREIDIÚNAITHE AN DPC DO CHOMHLACHTAÍ DEIMHNIÚCHÁIN

Meán Fómhair 2020



An Coimisiún um
Chosaint Sonraí
Data Protection
Commission

Aguisín III	4
0 RÉAMHTHEIDEAL	4
1 RAON	4
2 TAGAIRT NORMATACH	5
3 TÉARMAÍ AGUS SAINMHÍNITHE	5
4 RIACHTANAIS GHINEARÁLTA MAIDIR LE CREIDIÚNÚ	6
4.1 Ceisteanna maidir le dlí agus conarthaí	6
4.1.1 Freagracht dhlíthiúil	6
4.1.2 Comhaontú deimhniúcháin (“CA”)	7
4.1.3 Úsáid a bhaint as séalaí agus marcanna cosanta sonraí.....	9
4.2 Neamhchlaontacht a bhainistiú	9
4.3 Dliteanas agus maoiniú	9
4.4 Coinníollacha neamh-idirdhealaitheacha.....	9
4.5 Rúndacht.....	9
4.6 Faisnéis atá ar fáil don phobal.....	9
5 RIACHTANAIS STRUCHTÚRACHA, AIRTEAGAL 43(4) [MEASÚNACHT “CHUÍ”]	10
5.1 Struchtúr na heagraíochta agus ardbhainistíocht.....	10
5.2 Sásraí chun neamhchlaontacht a chosaint	10
6 RIACHTANAIS ACMHAINNÍ	10
6.1 Pearsanra an chomhlachta deimhniúcháin	10
6.2 Acmhainní i leith meastóireacht.....	12
7 RIACHTANAIS AN PHRÓISIS	12
7.1 Ginearálta	12
7.2 Iarratas.....	13
7.3 Athbhreithniú ar Iarratas	13
7.4 Meastóireacht	14
7.5 Athbhreithniú	15
7.6 Cinneadh maidir le deimhniúchán.....	15
7.7 Doiciméadacht deimhniúcháin.....	16
7.8 Eolaire maidir le táirgí deimhnithe.....	16

7.9	Faireachas.....	17
7.10	Athruithe a mbíonn tionchar acu ar dheimhniúchán	17
7.11	Deimhniúchán a fhoirceannadh, a laghdú, a chur ar fionraí nó a aistarraingt	18
7.12	Taifid	18
7.13	Gearáin agus achomhairc, Airteagal 43(2)(d).....	18
8	RIACHTANAIS AN CHÓRAIS BHAINISTÍOCHTA	19
8.1	Riachtanais ghinearálta an chórais bhainistíochta	19
8.2	Doiciméadacht an chórais bhainistíochta	19
8.3	Doiciméid a rialú	19
8.4	Taifid a rialú	19
8.5	Athbhreithniú Bainistíochta	20
8.6	Iniúchtaí inmheánacha.....	20
8.7	Gníomhaíochtaí ceartaitheacha	20
8.8	Gníomhaíochtaí coisctheacha	20
9	RIACHTANAIS BHREISE EILE	20
9.1	Modhanna meastóireachta a nuashonrú.....	20
9.2	Saineolas a choinneáil	20
9.3	Freagrachtaí agus inniúlachtaí.....	20
9.3.1	Cumarsáid idir an Comhlacht Deimhniúcháin agus a chustaiméirí.....	20
9.3.2	Gníomhaíochtaí meastóireachta a dhoiciméadú.....	21

Aguisín III

In Aguisín III, cuirtear riachtanais chreidiúnaithe an DPC ar fáil maidir le ISO/IEC 17065/2012 (ISO 17065 anseo ina dhiaidh seo) agus i gcomhréir le hAirteagail GDPR 43(1)(b) agus 43(3). Sna pointí thíos (seachas na pointí i roinn 9) tagraítear do cheannteidil roinne ISO 17065 agus leagtar amach na riachtanais bhreise do na huimhreacha roinne ISO 17065 a bhaineann le hábhar.

0 RÉAMHTHEIDEAL

Leagtar amach i gcomhaontú (nach bhfuil ar fáil go fóill) Téarmaí an chomhair idir an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) agus Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú. Leagtar amach sa chomhaontú ról agus freagrachtaí agus nósanna imeachta oibríochta i ndáil le creidiúnú do scéimeanna deimhniúcháin GDPR.

1 RAON

Cuimsíonn an doiciméad seo riachtanais bhreise ar ISO 17065 d'fhonn inniúlacht, oibríocht sheasmhach agus neamhchlaontacht comhlachtaí deimhniúcháin GDPR a mheas.

Cuirfear raon ISO 17065 i bhfeidhm i gcomhréir le GDPR¹. De bhun Airteagal 42(1), ní bhaineann deimhniúchán GDPR ach le hoibríochtaí próiseála rialaitheoirí agus próiseálaithe.

Ba chóir raon sásra deimhniúcháin (oibríochtaí próiseála néalseirbhíse a dheimhniú, mar shampla) a chur san áireamh sa mheasúnacht a dhéanann an Comhlacht Náisiúnta Creidiúnaithe agus an DPC le linn an phróisis chreidiúnúcháin, go háirithe maidir le critéir, saineolas agus modheolaíocht mheastóireachta.

Níor cheart go n-ísleofaí ná go laghdófaí riachtanais GDPR mar gheall ar raon leathan a bheith in ISO 17065 ina gclúdaítear táirgí, próisis agus seirbhísí, e.g. ní fhéadfadh ach sásra rialachais amháin a bheith san aon ghné de chuid sásra deimhniúcháin, toisc nach mór sonraí pearsanta a

¹ Tugtar tuilleadh eolais faoi [chreidiúnú](#) agus [deimhniúchán](#) sna treoirlínte.

phróiseáil a chur san áireamh sa deimhniúchán, i.e. na hoibríochtaí próiseála.

2 TAGAIRT NORMATACH

Tá tosaíocht ag GDPR ar ISO 17065. Má dhéantar tagairt do chaighdeáin eile ISO sna riachtanais bhreise nó tríd an sásra deimhniúcháin, bainfear ciall astu de réir na riachtanais a leagtar amach sa GDPR.

3 TÉARMAÍ AGUS SAINMHÍNITHE

Beidh feidhm ag téarmaí agus sainmhínithe na dtreoirínite maidir le creidiúnú (EDPB 4/2018) agus deimhniúchán (EDPB 1/2018) agus beidh tosaíocht acu ar shainmhínithe ISO. Mar áis thagartha, liostaítear thíos na príomh-shainmhínithe a úsáidtear sa doiciméad seo.

Acht 2018: An tAcht um Chosaint Sonraí 2018

ISO 17065: ISO/IEC 17065/2012

Iarratasóir: an eagraíocht a chuir iarratais isteach d'fhonn a cuid oibríochtaí próiseála a dheimhniú.

Deimhniúchán: an mheasúnacht agus an fianú neamhchlaonta ó thríú páirtí go bhfuil critéir dheimhniúcháin á gcomhlíonadh léirithe i leith oibríochtaí próiseála rialaitheora nó próiseálaí.

Creidiúnú: fianú ó thríú páirtí a bhaineann le gníomhaíochtaí comhlacht deimhniúcháin. Tá sé seo ina thoradh ar an bpróiseas measúnachta do chomhlacht deimhniúcháin a n-éiríonn leis (mar chuid den phróiseas creidiúnaithe).

Comhlacht creidiúnúcháin: comhlacht a chuireann creidiúnú i gcrích. Glactar leis gurb é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú is brí leis an téarma sa doiciméad seo.

Comhlacht deimhniúcháin: comhlacht um mheasúnú comhréireachta tríú páirtí a chuireann scéimeanna deimhniúcháin i bhfeidhm.

Critéir dheimhniúcháin: na critéir trína ndéantar oibríochtaí próiseála eagraíochta a thomhas i gcomhair scéim deimhniúcháin ar leith.

Scéim deimhniúcháin: córas deimhniúcháin a bhfuil baint aige le táirgí, próisis agus seirbhísí sonraithe a mbaineann na riachtanais sonraithe, rialacha sonracha agus nósanna imeachta céanna leis. Áirítear na critéir dheimhniúcháin agus an mhodheolaíocht mheasúnachta leis.

Sásra deimhniúcháin: scéim deimhniúcháin cheadaithe atá ar fáil don iarratasóir. Is seirbhís é a chuireann comhlacht deimhniúcháin creidiúnaithe ar fáil bunaithe ar mhodheolaíocht cheadaithe i leith critéir agus measúnacht. Is é an córas trína ndéantar rialaitheoir nó próiseálaí a dheimhniú.

Cliant²: an eagraíocht atá deimhnithe (an t-iarratasóir roimhe sin).

DPC: An Coimisiún um Chosaint Sonraí

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR): Rialachán 2016/679/EC

Comhlacht náisiúnta creidiúnaithe: comhlacht aonair i mBallstát a ainmnítear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a dhéanann creidiúnú agus a mbeidh údarás faighte aige chuige sin ón Stát. Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú an Comhlacht Náisiúnta Creidiúnaithe in Éirinn.

Spríoc mheastóireachta: I gcas GDPR, beidh sé seo ar na hoibríochtaí próiseála ábhartha atá an rialálaí nó an próiseálaí ag déanamh iarratas ina leith d'fhonn iad a mheasúnú agus a dheimhniú.

4 RIACHTANAIS GHINEARÁLTA MAIDIR LE CREIDIÚNÚ

4.1 Ceistanna maidir le dlí agus conarthaí

4.1.1 Freagracht dhlíthiúil

Beidh comhlacht deimhniúcháin in ann a léiriú (i gcónaí) don chomhlacht Náisiúnta creidiúnaithe go bhfuil nósanna imeachta cothrom le dáta acu a

² Nuair a úsáidtear an téarma “cliant” sa Chaighdeán Idirnáisiúnta seo (ISO/IEC 17065/2012), baineann sé leis an “iarratasóir” agus leis an “cliant” araon, mura sonraítear a mhalairt.

léiríonn go bhfuil na freagrachtaí dlíthiúla a leagtar amach sna téarmaí creidiúnaithe á gcomhlíonadh, lena n-áirítear na riachtanais bhreise i leith GDPR a chur i bhfeidhm.

Beidh an comhlacht deimhniúcháin in ann a léiriú go bhfuil a nósanna imeachta agus bearta a bhaineann go sonrach le sonraí pearsanta client-eagraíochta a rialú agus a láimhseáil mar chuid den phróiseas deimhniúcháin ag cloí le GDPR agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018.

Cuirfidh an comhlacht deimhniúcháin fianaise ar fáil maidir le comhlíonadh de réir mar a éilítear le linn an phróisis chreidiúnaithe.

Áireofar leis sin go ndearbhóidh an comhlacht deimhniúcháin don chomhlacht creidiúnúcháin nach bhfuil sé faoi réir aon iniúchadh nó gníomh rialála de chuid an DPC i ndáil le hábhar sprioc na meastóireachta. D'fhéadfadh sé bheith i gceist leis sin nach mbaineann sé an riachtanas seo amach agus d'fhéadfaí cosc a chur leis an gcomhlacht a chreidiúnú dá bhrí sin.

Cuirfidh an comhlacht deimhniúcháin an comhlacht creidiúnúcháin ar an eolas láithreach faoi shárúithe ábhartha ar GDPR nó ar Acht 2018 a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a chreidiúnú.

Sula ndéanfar deimhniúchán a eisiúint nó a athnuachan, éileofar ar an gcomhlacht deimhniúcháin an DPC a chur ar an eolas de bhun Airteagal 43(1).

4.1.2 Comhaontú deimhniúcháin (“CA”)

De bhreis ar riachtanais ISO 17065 léireoidh an comhlacht deimhniúcháin maidir lena chomhaontuithe deimhniúcháin:

1. go n-éilítear ar an gcliant cloí i gcónaí leis an dá riachtanas ginearálta deimhniúcháin laistigh de bhrí 4.1.2.2 (a) ISO 17065 agus de bhrí na gcritéar atá ceadaithe ag an DPC de réir Airteagal 43(2)(b) nó an EDPB i gcomhréir le hAirteagal 42(5);
2. go n-éilítear ar an gcliant trédhearcacht iomlán a cheadú don DPC maidir leis an nós imeachta deimhniúcháin lena n-áirítear ábhair atá faoi rún de réir conartha cibé iad a bheith conarthach nó eile, a

bhaineann le cosaint sonraí a chomhlíonadh de bhun Airteagail 42(7) agus 58(1)(c);

3. nach laghdaítear an fhreagracht atá ar an gcliant cloí, mar is infheidhme, le GDPR agus nach bhfuiltear gan dochar do thascanna agus cumhachtaí i gcomhréir le hAirteagal 42(5);
4. go n-éilítear ar an gcliant gach faisnéis a chur ar fáil don chomhlacht deimhniúcháin mar aon le rochtain ar a ghníomhaíochtaí próiseála atá riachtanach chun an nós imeachta deimhniúcháin a chur i gcrích de bhun Airteagal 42(6);
5. go n-éilítear ar an gcliant cloí leis na spriocdhátaí agus nósanna imeachta is infheidhme. Ní mór a shainiú sa deimhniúchán nach mór na spriocdhátaí agus nósanna imeachta a eascróidh, mar shampla, as an gclár deimhniúcháin nó rialacháin eile a chomhlíonadh agus cloí leo;
6. maidir le ISO 17065/212 roinn 4.1.2.2 (c)(1), go leagtar amach na rialacha maidir le bailíocht, athnuachan agus aistarraingt de bhun Airteagail 42(7) agus 43(4) lena n-áirítear rialacha ina leagtar síos eatraimh iomchuí chun athmheasúnú nó athbhreithniú (rialtachta) a dhéanamh de réir Airteagal 42(7) agus roinn 7.9 de na riachtanais bhreise seo.
7. go n-éilítear ar an gcliant cead a thabhairt don chomhlacht deimhniúcháin gach faisnéis a nochtadh don DPC atá riachtanach chun deimhniúchán a dheonú de bhun Airteagal 42(8) agus 43(5);
8. go gcuirtear rialacha san áireamh maidir leis na réamhchúraimí atá riachtanach chun gearáin a fhiosrú laistigh de bhrí 4.1.2.2 (c)(2), chomh maith leis sin, cuimseofar ráitis sainráite maidir leis an struchtúr agus an nós imeachta chun gearán a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 43(2)(d).
9. go n-éilítear de bhreis ar na híosriachtanais dá dtagraítear in 4.1.2.2 ISO 17065, má théann na hiarmhairtí a bhaineann le creidiúnú a aistarraingt nó a chur ar fionraí i bhfeidhm ar an gcliant, go rachfar i ngleic leis na hiarmhairtí don chustaiméir.
10. go n-éilítear ar an gcliant an comhlacht deimhniúcháin a chur ar an eolas i gcas sáruithe ábhartha ar GDPR nó ar Acht 2018 a

d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a dheimhniúchán, chomh luath is atá sé ar an eolas faoi shárú dá leithéid.

11. go gcuirtear modhanna meastóireachta ceangailteacha san áireamh maidir le (sprioc na meastóireachta).

4.1.3 Úsáid a bhaint as séalaí agus marcanna cosanta sonraí
Ní úsáidfear deimhnithe, séalaí ná marcanna ach amháin i gcomhréir le hAirteagal 42 agus 43 agus na treoirlínte maidir le creidiúnú agus deimhniúchán.

4.2 Neamhchlaontacht a bhainistiú

Cinntoidh an comhlacht creidiúnúcháin de bhreis ar na riachtanais a leagtar amach in ISO 17065, go háirithe 3.13 agus 4.2, agus na riachtanais in 765/2008/EC, go ndéanfaidh an comhlacht deimhniúcháin:

1. riachtanais bhreise an DPC (de bhun Airteagal 43(1)(b)) de réir mar a leagtar amach sa doiciméad seo a chomhlíonadh
2. de réir Airteagal 43(2)(a) fianaise ar leith a chur ar fáil maidir lena neamhspleáchas. Baineann sé sin go háirithe le comhlacht deimhniúcháin a mhaoiniú a mhéid a bhaineann sé le neamhchlaontacht a chinntiú;
3. a léiriú nach dtiocfaidh coinbhleacht leasa as a chuid tascanna agus oibleagáidí de bhun Airteagal 43(2)(e);
4. a chinntiú nach bhfuil aon bhaint ábhartha aige leis an gcustaiméir a dhéanann sé a mheas.

4.3 Dliteanas agus maoiniú

De bhreis ar riachtanas ISO 17065 cinntoidh an comhlacht creidiúnúcháin go bhfuil bearta cuí ag an gcomhlacht deimhniúcháin (e.g. árachas nó cúlchistí) chun a dhliteanas a chlúdach sna réigiúin gheografacha ina n-oibríonn sé.

4.4 Coinníollacha neamh-idirdhealaitheacha

Beidh feidhm ag riachtanais ISO 17065.

4.5 Rúndacht

Beidh feidhm ag riachtanais ISO 17065.

4.6 Faisnéis atá ar fáil don phobal

De bhreis ar riachtanais ISO 17065, éileoidh an comhlacht creidiúnúcháin, ar a laghad, ar an gcomhlacht deimhniúcháin:

1. go bhfoilseofar gach leagan (reatha agus roimhe seo) de na critéir cheadaithe a úsáidtear laistigh de bhrí Airteagal 42(5) agus go mbeidh siad ar fáil go héasca don phobal chomh maith le nósanna imeachta deimhniúcháin, agus go luaitear go ginearálta an tréimhse bailíochta faoi seach; lena n-áirítear go bhfuil na critéir cheadaithe ag EDPB nuair is infheidhme
2. go gcuirfear faisnéis maidir le nósanna imeachta chun gearáin a láimhseáil agus achomhairc ar fáil don phobal de bhun Airteagal 43(2)(d).

5 RIACHTANAIS STRUCHTÚRACHA, AIRTEAGAL 43(4) [MEASÚNACHT “CHUI”]

5.1 Struchtúr na heagraíochta agus ardbhainistíocht

De bhreis ar na riachtanais in 5.1.3 de ISO 17065, éileoidh an comhlacht creidiúnúcháin ar an gcomhlacht deimhniúcháin duine a cheapadh ag a mbeidh údarás agus freagracht fhoriomlán as meastóireacht, cinntí agus maoirseacht maidir le deimhniúcháin um chosaint sonraí a mhaoirsiú.

5.2 Sásraí chun neamhchlaontacht a chosaint Beidh feidhm ag riachtanais ISO 17065.

6 RIACHTANAIS ACMHAINNÍ

6.1 Pearsanra an chomhlachta deimhniúcháin

Táthar ag súil mar gheall ar airteagail GDPR ina sonraítear na gnéithe a bhaineann le deimhniúchán um chosaint sonraí go mbeidh ar phearsanra dlíthiúla agus teicniúla araon páirt a ghlacadh i measúnacht nó meastóireacht agus cinnteoireacht arna dtabhairt fúthu ag comhlachtaí deimhniúcháin, de réir na scéime deimhniúcháin agus ag brath ar an sprioc mheastóireachta nó an oibríocht phróiseála atá le deimhniú.

Cinnteoidh an comhlacht creidiúnúcháin, de bhreis ar an riachtanas i roinn 6 de ISO 17065/2012, do gach comhlacht maidir lena phearsanra:

1. go bhfuil saineolas cuí agus leanúnach (eolas agus taithí) léirithe maidir le cosaint sonraí de bhun Airteagal 43(1) agus maidir le hábhar an deimhniúcháin;
2. go bhfuil neamhspleáchas agus saineolas leanúnach i gceist maidir le hábhar an deimhniúcháin de bhun Airteagal 43(2)(a) agus nach bhfuil coinbhleacht leasa i gceist de bhun Airteagal 43(2)(e);
3. go nglactar mar chúram meas a léiriú ar na critéir dá dtagraítear in Airteagal 42(5) de bhun Airteagal 43(2)(b);
4. go bhfuil eolas agus taithí fhollasach, ábhartha agus chuí i gceist maidir le reachtaíocht um chosaint sonraí a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs ábhar an deimhniúcháin;
5. go bhfuil eolas agus taithí fhollasach, ábhartha agus chuí i gceist maidir le bearta teicniúla agus eagraíochtúla um chosaint sonraí de réir mar is ábhartha maidir le hábhar an deimhniúcháin.
6. gur féidir taithí a léiriú sna réimsí a luaitear sna riachtanais bhreise seo, go háirithe:

Do phearsanra ag a bhfuil saineolas teicniúil:

- Go bhfuil cáilíocht bainte amach acu i réimse ábhartha de shaineolas teicniúil go dtí leibhéal 6 EQF3 ar a laghad nó teideal aitheanta cosanta sa ghairm rialaithe ábhartha.
- Ní mór do phearsanra atá freagrach as cinntí a dhéanamh i leith deimhniúcháin go mbeadh dhá bhliain taithí agus saineolas ghairmiúil uileghabhálach ar a laghad acu maidir le bearta um chosaint sonraí a bhaineann le deimhniúchán.
- Ní mór do phearsanra atá freagrach as meastóireachtaí a dhéanamh go mbeadh dhá bhliain taithí ghairmiúil acu ar a laghad maidir le cosaint sonraí teicniúla chomh maith le heolas, saineolas speisialtóra agus taithí ghairmiúil a bheith acu i nósanna imeachta teicniúla (e.g. iniúchtaí agus deimhniúcháin).
- Léireoidh pearsanra go bhfuil eolas acu a bhaineann go sonrach leis an réimse i ndáil le scileanna teicniúla agus iniúchta trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

Do phearsanra ag a bhfuil saineolas dlíthiúil:

- Staidéar dlí ar feadh ocht seimeastar ar a laghad in ollscoil atá aitheanta ag an AE nó ag an stát lena n-áirítear céim acadúil Máistir (LL.M.) nó a chomhionann.
- Ní mór do phearsanra atá freagrach as cinntí a dhéanamh i leith deimhniúcháin go mbeadh dhá bhliain taithí agus saineolas

gairmiúil uileghabhálach ar a laghad acu maidir le bearta deimhniúcháin a bhaineann leis an dlí um chosaint sonraí.

- Ní mór do phearsanra atá freagrach as meastóireachtaí a dhéanamh go mbeadh dhá bhliain taithí ghairmiúil acu ar a laghad maidir leis an dlí um chosaint sonraí chomh maith le heolas, saineolas speisialtóra agus taithí ghairmiúil a bheith acu i nósanna imeachta teicniúla (e.g. iniúchtaí agus deimhniúcháin).
- Léireoidh pearsanra go bhfuil eolas acu a bhaineann go sonrach leis an réimse i ndáil le scileanna teicniúla agus iniúchta trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

Má dhéantar gníomhaíochtaí meastóireachta a sheachfhoinsiú chuig comhlachtaí seachtracha, beidh na comhlachtaí sin faoi réir na gcoinníollacha céanna is atá an comhlacht deimhniúcháin. Go háirithe, ní mór don chomhlacht atá ar fochonradh na riachtanais seo a bhaineann go sonrach le cosaint sonraí a chomhlíonadh.

6.2 Acmhainní i leith meastóireacht

Beidh feidhm ag riachtanais ISO 17065.

7 RIACHTANAS AN PHRÓISIS

7.1 Ginearálta

De bhreis ar an riachtanas i roinn 7.1 ISO17065, éileofar ar an gcomhlacht creidiúnúcháin an méid seo a leanas a chinntiú.

1. go cloíonn comhlachtaí deimhniúcháin le riachtanais bhreise an DPC (de bhun Airteagal 43(1)(b)) nuair atá an t-iarratas á chur isteach ionas nach dtiocfaidh coinbhleacht leasa as na tascanna agus oibleagáidí de bhun Airteagal 43(2)(e);
2. go gcuirtear an DPC ar an eolas de bhun Airteagal 43(1), sula tosaíonn comhlacht deimhniúcháin ag feidhmiú Séala Eorpach Cosanta Sonraí ceadaithe ó oifig bhreise i mBallstát nua.
3. go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag comhlachtaí deimhniúcháin chun an DPC a chur ar an eolas láithreach sula ndéantar deimhniúcháin a eisiúint/a athnuachan/a aistarraingt agus cúiseanna a chur ar fáil i leith gníomhaíochtaí dá leithéid a dhéanamh. Airítear leis sin cóip den achoimre fheidhmeach den

tuarascáil mheastóireachta dá dtagraítear i roinn 7.8 den doiciméad seo a chur ar fáil don DPC.

4. éilítear ar an gcomhlacht deimhniúcháin fiosrúchán a dhéanamh nuair a chuireann cliant nó an DPC é ar an eolas maidir le haon fhiosrúchán nó gníomh rialála suntasach nó ábhartha ón DPC maidir le raon agus ábhar deimhniúcháin agus sprioc mheastóireachta an chliant a chaitheann amhras ar chomhlíontacht an chliant i ndáil le cosaint sonraí. Tabharfaidh an comhlacht deimhniúcháin faoin bhfiosrúchán cuí agus cuirfidh sé tuairisc ar fáil don DPC ina dtabharfar eolas faoin toradh agus cibé an bhfuil an cliant fós ag cloí leis na critéir dheimhniúcháin nó nach bhfuil.

7.2 Iarratas

De bhreis ar mhír 7.2 de ISO 17065 cinnteoidh an comhlacht creidiúnúcháin go n-éileoidh an comhlacht deimhniúcháin:

1. nach mór mionchur síos a dhéanamh ar an sprioc mheastóireachta san iarratas. Áirítear leis sin comhéadain agus aistrithe chuig córais agus eagraíochtaí eile, prótacail agus ráthaíochtaí eile;
2. go sonrófar san iarratas cibé an bhfuil próiseálaithe á n-úsáid nó nach bhfuil, agus, nuair is iarratasóir próiseálaí, go ndéanfar cur síos ar a gcuid freagrachtaí agus tascanna, agus cuimseofar san iarratas an conradh/na conarthaí rialaitheora/próiseálaí agus/nó comhrialaitheora a bhaineann le hábhar.
3. go nochtar aon fhiosrúchán nó gníomh rialála reatha nó a tharla le tamall anuas ón DPC a bhfuil an t-iarratasóir faoina réir.

Éileofar ar an gcomhlacht deimhniúcháin an DPC a chur ar an eolas maidir le gach iarratas a fuarthas ag céim an iarratais.

7.3 Athbhreithniú ar iarratas

De bhreis ar riachtanais ISO 17065, éileoidh an comhlacht creidiúnúcháin go gcuirtear san áireamh leis an inniúlacht agus cumas dá dtagraítear in 7.3.1 (e) de ISO 17065, de réir roinn 6 thuas, saineolas teicniúil agus dlíthiúil araon maidir le cosaint sonraí a oiread agus is iomchuí.

Cuirfear san áireamh leis an athbhreithniú ar iarratas na seiceálacha maidir le comhlíonadh le cosaint sonraí dá dtagraítear in 7.2(3) den

doiciméad seo. Éileofar ar an gcomhlacht deimhniúcháin a chinntiú dó féin go bhfuil an t-iarratasóir ina iarratasóir oiriúnach i ndáil le deimhniúchán um chosaint sonraí.

7.4 Meastóireacht

De bhreis ar riachtanais ISO 17065, déanfaidh na sásraí deimhniúcháin cur síos ar mhodhanna meastóireachta leordhóthanacha chun comhlíonadh na hoibríochta/na n-oibríochtaí próiseála le critéir dheimhniúcháin a mheas, lena n-áirítear nuair is infheidhme:

1. modh maidir le riachtanas agus comhréireacht oibríochtaí próiseála a mheas maidir lena gcuispóir agus maidir leis na hábhair sonraí atá i gceist;
2. modh chun measúnú a dhéanamh ar an gclúdach, comhdhéanamh agus measúnacht a chuireann rialaitheoir agus próiseálaí san áireamh maidir leis na hiarmhairtí dlí de bhun Airteagail 30, 32 agus 35 agus 36 GDPR, agus maidir leis an sainmhíniú a thugtar i leith bearta teicniúla agus eagraíochtúla de bhun Airteagail 24, 25 agus 32 GDPR, a mhéid is a bhaineann na hAirteagail réamhluaite leis an sprioc mheastóireachta, agus
3. modh chun na leighis a mheas, lena n-áirítear ráthaíochtaí, coimircí agus nósanna imeachta d'fhonn cosaint sonraí pearsanta a chinntiú i gcomhthéacs na próiseála atá le cur i leith na sprice meastóireachta agus d'fhonn a léiriú go bhfuil na riachtanais dlí mar a leagtar amach sna critéir á mbaint amach; agus
4. modhanna agus torthaí a dhoiciméadú.

Éileofar ar an gcomhlacht deimhniúcháin a chinntiú go ndéantar na modhanna meastóireachta seo a chaighdeánú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach. Ciallaíonn sé sin go n-úsáidtear modhanna meastóireachta den chineál céanna do spriocanna meastóireachta den chineál céanna. Beidh ar an gcomhlacht deimhniúcháin údar a thabhairt le haon imeacht ón nós imeachta seo.

De bhreis ar mhír 7.4.2 de ISO 17065, d'fhéadfadh fochonraitheoirí atá aitheanta ag an gcomhlacht deimhniúcháin an mheastóireacht a chur i gcrích agus úsáid á baint as na riachtanais chéanna i leith pearsanra i roinn 6.

De bhreis ar mhír 7.4.5 de ISO17065, déanfar foráil go bhféadfaí deimhniúchán reatha, a bhaineann leis an sprioc mheastóireachta chéanna, a thabhairt san áireamh mar chuid den mheastóireacht nua.

Mar sin féin, ní bheidh an deimhniú féin ina fhianaise leordhóthanach agus beidh sé d'oibleagáid ar an gcomhlacht deimhniúcháin comhlíonadh na gcritéar a sheiceáil i leith na sprice meastóireachta. Déanfar tuarascáil mheastóireachta iomlán nó faisnéis trínar féidir an scéim deimhniúcháin roimhe seo agus a cuid torthaí a mheasúnú a chur san áireamh. I gcásanna ina gcuirtear deimhniúchán reatha san áireamh mar chuid de mheastóireacht nua, ba chóir raon an deimhniúcháin réamhluaite a mheas go mion freisin i leith comhlíonadh na gcritéar deimhniúcháin ábhartha.

Beidh an comhlacht deimhniúcháin in ann rochtain a fháil ar gach faisnéis/doiciméad d'fhonn a bheith in ann cinneadh feasach a dhéanamh.

De bhreis ar mhír 7.4.6 de ISO 17065, éileofar go leagfaidh an comhlacht deimhniúcháin amach go mion sa scéim deimhniúcháin an chaoi a gcuireann an fhaisnéis a éilítear i mír 7.4.6 an t-iarratasóir ar an eolas faoi neamhchomhréireachtaí ó shásra deimhniúcháin. Ar a laghad, áireofar leis sin cineál agus uainiú faisnéis dá leithéid. Baineann sé seo le gach comhlacht deimhniúcháin.

De bhreis ar mhír 7.4.9 de ISO 17065, éileofar go gcuirfear rochtain iomlán ar fáil don DPC ar an doiciméadacht meastóireachta nuair a iarrtar í.

7.5 Athbhreithniú

De bhreis ar mhír 7.5 de ISO 17065 tá nósanna imeachta chun na deimhniúcháin faoi seach a dheonú, a athbhreithniú go rialta agus a chúlghairm de bhun Airteagal 43(2) agus 43(3) riachtanach.

7.6 Cinneadh maidir le deimhniúchán

De bhreis ar phointe 7.6.1 de ISO 17065, éileofar ar an gcomhlacht deimhniúcháin a leagan amach ina nósanna imeachta an chaoi a gcinntítear a neamhspleáchas agus freagrachtaí maidir le cinntí deimhniúcháin ar leith.

De bhreis ar riachtanais ISO 17065, éileofar ar an gcomhlacht deimhniúcháin an dréachttheadú a chur isteach go díreach sula ndéantar deimhniúchán a eisiúint nó a athnuachan, lena n-áirítear an achoimre fheidhmeach ar an meastóireacht chuig an DPC. Déanfar cur síos soiléir san achoimre fheidhmeach ar mar a bhfuil na critéir á mbaint amach agus

is ar an gcaoi sin a chuirfear na cúiseanna ar fáil i leith deimhniúchán a dheonú nó a chothabháil.

De bhreis ar an tseiceáil a chuirtear i gcrích ag céim an iarratais, éileofar ar an gcomhlacht deimhniúcháin, sula n-eisítear deimhniúchán, a dhearbhu leis an iarratasóir nach bhfuil sé ina ábhar in aon fhiosrúchán nó gníomh rialála de chuid an DPC maidir leis an sprioc mheastóireachta a d'fhéadfadh cosc a chur le deimhniúchán a eisiúint.

Nuair is cuí, dearbhóidh an DPC gurb amhlaidh atá sula ndéanann an comhlacht deimhniúcháin deimhniúchán a eisiúint nó a athnuachan. Má aimsítear nár nocht an t-iarratasóir gníomh dá leithéid don chomhlacht deimhniúcháin, d'fhéadfadh sé nach n-eiseofaí an deimhniúchán mar thoradh air sin.

7.7 Doiciméadacht deimhniúcháin

De bhreis ar mhír 7.7.1(e) de ISO 17065 agus i gcomhréir le hAirteagal 42(7) GDPR, éileofar nach mbeidh an tréimhse bailíochta do dheimhniúcháin níos faide ná trí bliana.

De bhreis ar mhír 7.7.1(e) de ISO 17065, éileofar go ndéanfar an tréimhse mhonatóireachta atá beartaithe laistigh de bhrí roinn 7.9 a dhoiciméadú freisin.

De bhreis ar mhír 7.7.1(f) de ISO 17065, éileofar ar an gcomhlacht deimhniúcháin an sprioc mheastóireachta sa doiciméadacht deimhniúcháin a ainmniú (ina luafar stádas an leagain nó saintréithe comhchosúla, más infheidhme).

Ar an deimhniúchán a eisiúint, éileofar ar an gcomhlacht deimhniúcháin cóip den doiciméadacht deimhniúcháin dá dtagraítear in 7.7.1 de ISO 17065 a chur ar fáil don DPC.

7.8 Eolaire maidir le táirgí deimhnithe

De bhreis ar riachtanais 7.8 de ISO 17065, cuirfidh an comhlacht deimhniúcháin taifead ar na deimhniúcháin atá eisithe ar fáil don phobal agus ar an mbunús sin, faisnéis maidir leis an sásra deimhniúcháin agus an tréimhse ina mbeidh na deimhniúcháin bailí a chur san áireamh.

Cuirfidh an comhlacht deimhniúcháin achoimre fheidhmeach maidir leis an tuarascáil mheastóireachta ar fáil don phobal. Is é an aidhm atá leis an achoimre fheidhmeach sin cuidiú le trédhearcacht maidir leis an méid atá

deimhnithe agus maidir leis an gcaoi a dhéantar é a mheas. Tabharfaidh sé míniú i leith nithe ar nós:

- (a) raon an deimhniúcháin agus cur síos fónta ar an sprioc mheastóireachta,
- (b) na critéir dheimhniúcháin faoi seach (lena n-áirítear an stádas leagain nó feidhme),
- (c) na modhanna meastóireachta agus na tástálacha a cuireadh i gcrích agus
- (d) an toradh/na torthaí.

7.9 Faireachas

De bhreis ar phointí 7.9.1, 7.9.2 agus 7.9.3 de ISO 17065, agus i gcomhréir le hAirteagal 43(2)(c) GDPR, éileofar go mbeidh bearta monatóireachta éigeantach d'fhonn deimhniúcháin a choinneáil le linn na tréimhse monatóireachta. Ba chóir bearta dá leithéid a bheith bunaithe ar riosca agus i gcomhréir agus níor cheart an uastréimhse idir gníomhaíochtaí faireachais a bheith níos faide ná 12 mhí.

7.10 Athruithe a mbíonn tionchar acu ar dheimhniúchán

De bhreis ar phointí 7.10.1 agus 7.10.2 de ISO 17065, áireofar leis na hathruithe a chuirfidh an comhlacht deimhniúcháin san áireamh a mbíonn tionchar acu ar dheimhniúchán:

- aon sárú ar shonraí pearsanta faoi GDPR nó faoi Acht 2018 a thuairiscíonn an cliant nó an DPC maidir le hábhar an deimhniúcháin;
- aon sárú ar GDPR nó ar Acht 2018 a thuairiscíonn an cliant nó an DPC maidir le hábhar an deimhniúcháin;
- forbairtí i dteicneolaíocht staid na teicníochta a mbaintear úsáid astu in ábhar an deimhniúcháin;
- leasuithe ar reachtaíocht um chosaint sonraí;
- gníomhartha tarmligthe ón gComhairle Eorpach a ghlacadh i gcomhréir le Airteagail 43(8) agus 43(9);
- foilseacháin ábhartha atá glactha ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí de bhun Airteagal 39 de Rialacha agus Nós Imeachta an Bhoird, lena n-áirítear cinntí, treoir agus tuairimí;
- agus breitheanna cúirte a bhaineann le cosaint sonraí.

D'fhéadfaí a áireamh le nósanna imeachta athraithe atá le haontú anseo nithe ar nós: idirthréimhsí, próiseas faofa leis an DPC, an sprioc mheastóireachta ábhartha a athmheas agus bearta cuí chun an

deimhniúchán a chúlghairm más rud é nach bhfuil an próiseas oibríochta deimhnithe ag cloí leis na critéir nuashonraithe a thuilleadh.

7.11 Deimhniúchán a fhoirceannadh, a laghdú, a chur ar fionraí nó a aistarraingt

De bhreis ar phointe 7.11.1 de ISO 17065 agus 7.1(3) den doiciméad seo, éileofar ar an gcomhlacht deimhniúcháin an DPC a chur ar an eolas láithreach i scríbhinn maidir le bearta a glacadh agus maidir le leanúint le deimhniúchán, é a shrianadh, a chur ar fionraí agus a aistarraingt.

De réir Airteagal 58(2)(h), éileofar ar an gcomhlacht deimhniúcháin glacadh le cinntí agus orduithe ón DPC chun deimhniúchán a aistarraingt ó chustaiméir (iarratasóir) nó gan deimhniúchán a eisiúint chuige mura mbaintear amach na riachtanais maidir le deimhniúchán.

7.12 Taifid

De bhreis ar phointe 7.12 de ISO 17065 éilítear ar an gcomhlacht deimhniúcháin an doiciméadacht ar fad a choinneáil iomlán, sothuigte, cothrom le dáta agus oiriúnach le hiniúchadh a dhéanamh uirthi.

7.13 Gearáin agus achomhairc, Airteagal 43(2)(d)

De bhreis ar mhír 7.13.1 de ISO 17065, tabharfaidh an comhlacht deimhniúcháin sainmhíniú i leith,

- (a) na ndaoine atá in ann gearáin nó agóidí a dhéanamh,
- (b) na ndaoine a phróiseálann iad i ndáil leis an gcomhlacht deimhnithe,
- (c) na bhfíorúcháin a chuirtear i gcrích sa chomhthéacs sin; agus
- (d) na bhféidearthachtaí chun dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara.

De bhreis ar mhír 7.13.2 de ISO 17065, tabharfaidh an comhlacht deimhniúcháin sainmhíniú i leith,

- (a) cé dó a dtugtar dearbhú dá leithéid agus an chaoi a dtugtar sin dó,
- (b) na dteorainneacha ama dó sin; agus
- (c) na bpróisis nach mór tús a chur leo ina dhiaidh sin.

Éileofar ar chomhlachtaí deimhniúcháin a gcuid nósanna imeachta chun gearáin a láimhseáil a chur ar fáil don phobal agus iad a bheith ar fáil go héasca d'ábhair sonraí.

Éileofar ar an gcomhlacht deimhniúcháin gearánaigh a chur ar an eolas maidir le dul chun cinn agus toradh an ghearáin laistigh de thréimhse réasúnach ama.

De bhreis ar mhír 7.13.1 de ISO 17065, ní mór don chomhlacht deimhniúcháin sainmhíniú a thabhairt faoi mar a dhéantar scaradh idir gníomhaíochtaí deimhniúcháin agus achomhairc agus gearáin a láimhseáil a chinntiú.

8 RIACHTANAIS AN CHÓRAIS BAINISTÍOCHTA

De bhreis ar riachtanais ISO 170656, ní mór prionsabail bhainistíochta, mar aon lena gcur i bhfeidhm doiciméadaithe, a bheith trédhearcach agus ní mór don chomhlacht deimhniúcháin creidiúnaithe iad a nochtadh de bhun an nós imeachta creidiúnúcháin de bhun Airteagal 58 agus ina dhiaidh sin arna iarraidh ag an DPC tráth ar bith le linn fiosrúcháin i bhfoirm athbhreithnithe um chosaint sonraí de bhun Airteagal 58(1)(b) nó le linn athbhreithniú ar dheimhniúcháin a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 42(7) de bhun Airteagal 58(1)(c).

I gcás ina ndéantar an creidiúnú a chur ar fionraí nó a aistarraingt, déanfar na nósanna imeachta a chomhtháthú le córas bainistíochta an chomhlachta deimhniúcháin, lena n-áirítear a chliaint agus iarratasóirí.

Bunóidh an comhlacht deimhniúcháin próiseas chun gearáin a láimhseáil ina mbeidh na leibhéal riachtanacha neamhspleáchais mar chuid dhílis den chóras bainistíochta, a dhéanfaidh go háirithe na riachtanais i bpointí 4.1.2.2(c), 4.1.2.2(j), 4.6(d) agus 7.13 de ISO 17065 a chur i bhfeidhm.

8.1 Riachtanais ghinearálta an chórais bhainistíochta

Beidh feidhm ag riachtanais ISO 17065

8.2 Doiciméadacht an chórais bhainistíochta

Beidh feidhm ag riachtanais ISO 17065

8.3 Doiciméid a rialú

Beidh feidhm ag riachtanais ISO 17065

8.4 Taifid a rialú

Beidh feidhm ag riachtanais ISO 17065

8.5 Athbhreithniú Bainistíochta
Beidh feidhm ag riachtanais ISO 17065

8.6 Iniúchtaí inmheánacha
Beidh feidhm ag riachtanais ISO 17065

8.7 Gníomhaíochtaí ceartaitheacha
Beidh feidhm ag riachtanais ISO 17065

8.8 Gníomhaíochtaí coisctheacha
Beidh feidhm ag riachtanais ISO 17065

9 RIACHTAN AIS BHREISE EILE

9.1 Modhanna meastóireachta a nuashonrú
Bunóidh an comhlacht deimhniúcháin nósanna imeachta chun treoir a thabhairt maidir le modhanna meastóireachta a nuashonrú lena gcur i bhfeidhm i gcomhthéacs na meastóireachta faoi phointe 7.4. den doiciméad seo. Ní mór go dtarlódh an nuashonrú le linn athruithe sa chreat dlí, sa riosca/sna rioscaí ábhartha, i staid na teicníochta agus sna costais a bhaineann le bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur i bhfeidhm.

9.2 Saineolas a choinneáil
Bunóidh comhlachtaí deimhniúcháin nósanna imeachta chun oiliúint dá bhfostaithe a chinntiú d'fhonn a gcuid scileanna a nuashonrú, ag glacadh na bhforbairtí a liostaítear i bpointe 9.1. den doiciméad seo san áireamh.

9.3 Freagrachtaí agus inniúlachtaí

9.3.1 Cumarsáid idir an Comhlacht Deimhniúcháin agus a chustaiméirí

Beidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun nósanna imeachta agus struchtúir chumarsáide cuí idir an comhlacht deimhniúcháin agus a chustaiméir a chur i bhfeidhm. Áireofar leis sin:

1. Cloífidh an comhlacht deimhniúcháin creidiúnaithe le tascanna agus freagrachtaí a dhoiciméadú, chun críche
 - a. freagra a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis; nó

b. chun teagmháil a chumasú i gcás gearán maidir le deimhniúchán.

2. Próiseas iarratais a choinneáil chun críche

- a. Eolais maidir le stádas an iarratais;
- b. Meastóireachtaí ón DPC maidir le
 - i. Aiseolas;
 - ii. Cinntí ón DPC.

9.3.2 Gníomhaíochtaí meastóireachta a dhoiciméadú

Beidh córais i bhfeidhm chun nósanna imeachta agus struchtúir chumarsáide cuí idir an comhlacht deimhniúcháin agus an DPC a chur i bhfeidhm. Áireofar leis sin creat tuairiscithe chun an DPC a chur ar an eolas faoi:

- shonraí an iarratasóra ar iarratas a fháil chun an DPC a chumasú lena thaifid a sheiceáil maidir le stair chomhlíonta an iarratasóra de réir roinn 7.6 den doiciméad seo;
- na cúiseanna atá le deimhniúchán a dheonú/a aistarraingt de bhun Airteagal 43.5, díreach sula ndéantar deimhniúchán a eisiúint, a athnuachan, a chur ar fionraí nó a aistarraingt de réir roinn 7.1(3) den doiciméad seo